C/2026/5552

26.10.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12640 — PLD / NBIM / NEUSTADT TARGET ASSET)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/5552)

1. An 19 Deireadh Fómhair 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Prologis, L.P. (na Stáit Aontaithe), faoi rialú Prologis, Inc. (na Stáit Aontaithe),

— NBIM Nerva S.à r.l. (Lucsamburg), faoi rialú Norges Bank (an Iorua),

— Sócmhainn réadmhaoine lonnaithe in Raffineriestraße 99, 93333 Neustadt an der Donau ('an Spriocshócmhainn', an Ghearmáin) faoi rialú MAHLE Thermal and Fluid Systems GmbH & Co. KG ('an Díoltóir').

Gheobhaidh Prologis, L.P. agus NBIM Nerva S.à r.l rialú comhpháirteach ar an Spriocshócmhainn ina hiomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach sócmhainní.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá réadmhaoin atá tionsclaíoch go príomha faoi úinéireacht Prologis, L.P., agus déanann sé an réadmhaoin sin a oibriú agus a fhorbairt i gCríocha Mheiriceá, san Eoraip agus san Áis,

— Baineann gníomhaíochtaí NBIM Nerva S.à r.l. le hinfheistíocht institiúideach le haghaidh Government Pension Fund Global na hIorua, trína ndírítear ar infheistíochtaí domhanda lena n-áirítear an réadmhaoin.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na Spriocshócmhainne: Is maoin í arb éard atá i gceist léi láithreán tionsclaíoch atá lonnaithe sa Ghearmáin. Ina gcuid di tá saoráid táirgthe, foirgneamh oifige agus leasa, teach geata agus dídean dhá roth, mar aon le spásanna páirceála gluaisteán, a scartálfar agus a athfhorbrófar ina lárionad dáilte lóistíochta.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12640 — PLD / NBIM / NEUSTADT TARGET ASSET

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË